**Leasú 10**
**Juan Fernando López Aguilar, Kati Piri, Birgit Sippel, Evelyn Regner, Maria Noichl, Łukasz Kohut, Marc Angel, Włodzimierz Cimoszewicz, Evin Incir, Vera Tax, Robert Biedroń, Sylwia Spurek**
thar cheann Ghrúpa S&D
**Roberta Metsola**
thar cheann Ghrúpa PPE
**Michal Šimečka**
thar cheann Ghrúpa Renew
**Terry Reintke, Tineke Strik, Alice Kuhnke, Rasmus Andresen, Henrike Hahn, Ernest Urtasun, Jordi Solé**
thar cheann Ghrúpa Verts/ALE
**Konstantinos Arvanitis**
thar cheann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh an Pholainn sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
(COM(2017)0835 – 2017/0360R(NLE))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 60 b (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***60b. á chur in iúl gur saoth go mór léi seasamh oifigiúil[1a] Easpagóideacht na Polainne lena n-iarrtar "teiripe tiontaithe" do dhaoine LGBTI; ag athdhearbhú sheasamh na Parlaiminte[1b] lena spreagtar na Ballstáit chun cleachtais den sórt sin a choiriúlú agus á mheabhrú gur ann do thuarascáil Bhealtaine 2020 ó Shaineolaí Neamhspleách na Náisiún Aontaithe maidir le cosaint i gcoinne foréigin agus idirdhealú bunaithe ar ghnéaschlaonadh agus ar fhéiniúlacht inscne, ina n-iarrtar ar na Ballstáit toirmisc ar chleachtais " teiripe tiontaithe"[1c] a ghlacadh;*** |
| | ***[1a] Seasamh Easpagóideacht na Polainne maidir le saincheisteanna LGBT +, Lunasa 2020, <u>https://episkopat.pl/wp-content/uploads/2020/08/Stanowisko-</u>*** |

***Konferencji-Episkopatu-Polski-w-kwestii-LGBT.pdf.***

[1b] ***Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2019)0032.***

[1c] ***Saineolaí Neamhspleách na Náisiún Aontaithe maidir le cosaint i gcoinne foréigin agus idirdhealú bunaithe ar ghnéaschlaonadh agus ar fhéiniúlacht inscne, Tuarascáil ar theiripe tiontaithe, Bealtaine 2020, https://undocs.org/A/HRC/44/53.***

Or. en

11.9.2020 A9-0138/11

**Leasú 11**
**Juan Fernando López Aguilar, Kati Piri, Birgit Sippel, Łukasz Kohut, Marc Angel, Evin Incir, Robert Biedroń, Sylwia Spurek**
thar cheann Ghrúpa S&D
**Roberta Metsola**
thar cheann Ghrúpa PPE
**Michal Šimečka**
thar cheann Ghrúpa Renew
**Terry Reintke, Tineke Strik, Alice Kuhnke, Rasmus Andresen, Henrike Hahn, Ernest Urtasun, Jordi Solé**
thar cheann Ghrúpa Verts/ALE
**Konstantinos Arvanitis**
thar cheann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh an Pholainn sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
(COM(2017)0835 – 2017/0360R(NLE))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 61**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 61. á thabhairt dá haire go bhfuil difear á dhéanamh cheana ag easpa neamhspleáchais na mbreithiúna sa Pholainn ar iontaoibh fhrithpháirteach idir an Pholainn agus Ballstáit eile, go háirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, ós rud é gur dhiúltaigh cúirteanna náisiúnta nó go raibh siad idir dhá chomhairle faoi amhrastaigh Pholannacha ***a scaoileadh*** faoi nós imeachta an Bharántais Gabhála Eorpaigh mar gheall ar amhras domhain faoi neamhspleáchas bhreithiúna na Polainne; á mheas gur tromchúiseach go háirithe í an bhagairt ar aonfhoirmeacht dlí an Aontais atá i meath an smacht reachta sa Pholainn á chur i bhfios nach féidir an iontaoibh fhrithpháirteach idir na Ballstáit a athbhunú ach amháin nuair a áiritheofar go bhfuil na luachanna chumhdaítear in Airteagal 2 CAE á n-urramú; | 61. á thabhairt dá haire go bhfuil difear á dhéanamh cheana ag easpa neamhspleáchais na mbreithiúna sa Pholainn ar iontaoibh fhrithpháirteach idir an Pholainn agus Ballstáit eile, go háirithe i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, ós rud é gur dhiúltaigh cúirteanna náisiúnta nó go raibh siad idir dhá chomhairle faoi amhrastaigh Pholannacha ***a thabhairt suas*** faoi nós imeachta an Bharántais Gabhála Eorpaigh mar gheall ar amhras domhain faoi neamhspleáchas bhreithiúna na Polainne; á mheas gur tromchúiseach go háirithe í an bhagairt ar aonfhoirmeacht dlí an Aontais atá i meath an smacht reachta sa Pholainn á chur i bhfios nach féidir an iontaoibh fhrithpháirteach idir na Ballstáit a athbhunú ach amháin nuair a áiritheofar go bhfuil na luachanna chumhdaítear in Airteagal 2 CAE á n-urramú; |

Or. en

**Leasú 12**
**Juan Fernando López Aguilar, Kati Piri, Birgit Sippel, Łukasz Kohut, Marc Angel, Włodzimierz Cimoszewicz, Evin Incir, Robert Biedroń, Sylwia Spurek**
thar cheann Ghrúpa S&D
**Roberta Metsola**
thar cheann Ghrúpa PPE
**Michal Šimečka**
thar cheann Ghrúpa Renew
**Terry Reintke, Tineke Strik, Alice Kuhnke, Rasmus Andresen, Henrike Hahn, Ernest Urtasun, Jordi Solé**
thar cheann Ghrúpa Verts/ALE
**Konstantinos Arvanitis**
thar cheann Ghrúpa GUE/NGL

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh an Pholainn sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
(COM(2017)0835 – 2017/0360R(NLE))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 62**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 62. á iarraidh ar rialtas na Polainne na forálacha uile a bhaineann leis an smacht reachta agus le cearta bunúsacha a chumhdaítear sna Conarthaí, sa Chairt, in ECHR agus sna caighdeáin idirnáisiúnta um chearta an duine a chomhlíonadh, agus dul i mbun idirphlé ionraic leis an gCoimisiún; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hidirphlé den sórt sin a dhéanamh ar bhealach neamhchlaonta, fianaise-bhunaithe agus comhoibritheach; á iarraidh ar rialtas na Polainne chun comhoibriú leis an gCoimisiún de bhun phrionsabal an chomhair dhílis mar a leagtar amach in CAE; á iarraidh ar rialtas na Polainne rialuithe na Cúirte Breithiúnais a chur chun feidhme go mear agus go hiomlán agus tosaíocht dhlí an Aontais a urramú; | 62. á iarraidh ar rialtas na Polainne na forálacha uile a bhaineann leis an smacht reachta agus le cearta bunúsacha a chumhdaítear sna Conarthaí, sa Chairt, in ECHR agus sna caighdeáin idirnáisiúnta um chearta an duine a chomhlíonadh, agus dul i mbun idirphlé ionraic leis an gCoimisiún; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hidirphlé den sórt sin a dhéanamh ar bhealach neamhchlaonta, fianaise-bhunaithe agus comhoibritheach; á iarraidh ar rialtas na Polainne chun comhoibriú leis an gCoimisiún de bhun phrionsabal an chomhair dhílis mar a leagtar amach in CAE; á iarraidh ar rialtas na Polainne rialuithe na Cúirte Breithiúnais a chur chun feidhme go mear agus go hiomlán agus tosaíocht dhlí an Aontais a urramú; ***ag tathant ar rialtas na Polainne aird iomlán a thabhairt ar mholtaí Choimisiún na Veinéise maidir le heagrú an chórais*** |

***ceartais, lena n-áirítear agus tuilleadh leasuithe á ndéanamh ar an gCúirt Uachtarach;***

Or. en